

POLASAÍ IONTRÁLA CHOLÁISTE COIS LIFE

2016 – 2017¹

Is Iarbhunscoil LánGhaeilge é Coláiste Cois Life faoin choimirce Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dún Laoghaire. Bunaíodh Coláiste Cois Life sa bhliain 1997 chun freastal ar an éileamh atá ar oideachas iarbhunscoile trí mheán na Gaeilge.

Ag an tús bhí an scoil lonnaithe ar thalamh Choláiste Chilllain i gCluain Dolcáin. Sa bhliain 1999 bhogamar chuig foirgneamh sealadach i Leamhcán agus cuireadh seomraí breise leis an scoil gach bliain go dtí 2005. Bhogamar isteach san fhoirgneamh buan i Meán Fómhair 2006.

Faoi láthair tá os cionn 680 scoláire againn agus an scoil fós ag fás agus ag forbairt.

Raon, Réasúnaíocht agus Creat Dlíthiúil

Raon: Is ar áit a chur ar fáil do dhaltaí, a chuireann iarratas go Coláiste Cois Life faoi na cúinsí seo a leanas, atá an polasaí seo dírithe:

- Daltaí a chuireann iarratas isteach ar áit i mBliain 1.
- Daltaí a chuireann iarratas isteach ar áit i mbliain ar bith eile.

Réasúnaíocht: Is aidhm an pholasaí ná a chinntiú go bhfuil nósanna imeachta cuí ann i dtreo gur féidir le Coláiste Cois Life:

- Cinneadh oscailte, trédhearcach a dhéanamh maidir le gach iarratas.
- Measúnú a dhéanamh ar chumas an choláiste freastal ar riachtanais na n-iarrthóirí, bunaithe ar na hacmhainní atá ar fáil don choláiste.

Creat Dlíthiúil: Géilleann an polasaí seo do na ranna cuí de na hachtanna seo a leanas:

¹ Tá leagan Béarla den Pholasaí se oar fáil. Má tá aon difríocht idir an leagan Gaeilge agus leagan Béarla den pholasaí seo, tabharfar tosaíocht don leagan Gaeilge.

- An tAcht Oideachais (1998)
- An tAcht Leasa Oideachais (2000)
- An tAcht um Stádas Comhionann (2000)
- An tAcht um Oideachas do Dhaoine le Riachtanais Oideachasúla Speisialta (2004)

Feidhmíonn Coláiste Cois Life ag úsáid na hacmhainní airgeadais agus teagaisc a chuireann An Roinn Oideachais agus Scileanna ar fáil, a chuireann tuismitheoirí / caomhnóirí ar fáil trí shíntiúis dheonacha agus a bhailítear trí ghníomhaíochtaí tiomsaithe airgid. Braitheann na pleananna agus na polasaithe a chuireann an coláiste i bhfeidhm ar na hacmhainní agus ar an maoiniú atá ar fáil agus ar na cláir churaclaim a leagann an Roinn Oideachais agus Scileanna síos.

Daltaí le Riachtanais Speisialta

Fáiltítear roimh dhaltaí le riachtanais speisialta i gColáiste Cois Life. Nuair a chuireann dalta le riachtanais speisialta iarratas isteach ar áit i gColáiste Cois Life, lorgóidh an Coláiste tuairisc leighis / síceolaíochta atá suas chun dáta agus cóip de phlean oideachais aonair an dalta más ann dó/dí.

Aithnítear cearta an tuismitheora dalta a chlárú ina rogha scoile. Déanfaidh Coláiste Cois Life gach iarracht riachtanais na scoláirí sin a shásamh, ag cur san áireamh na hacmhainní a chuireann an Roinn Oideachais ar fáil sa Choláiste.

Leis an eolas seo ábhartha a bhailiú, déanfaidh an scoil measúnú ar conas is fearr freastal ar riachtanais oideachais an dalta. Buailfidh an scoil leis na tuismitheoirí chun riachtanais an dalta a phlé agus chomh maith le oiriúnacht nó cumas na scoile freastal ar na riachtanais chéanna.

Cosaint Sonraí

Tá sonraí ar bith a chuirtear ar fáil do Choláiste Cois Life maidir le hiarratas ar iontráil faoi chosaint ag an Acht um Chosaint Sonraí (1988) agus ag an Acht um Chosaint Sonraí (Leasaithe) (2003).

1. Nósanna Imeachta maidir le hIontráil go Bliain 1:

(a) Iarratais:

- Tá fáil ar fhoirmeacha iarratais ó oifig an choláiste
- Is ar fhoirm iarratais oifigiúil an Choláiste amháin a ghlacfar le hiarratas. Ní ghlacfar le foirm ar faics nó ar ríomhphost
- Daltaí i rang a 6 : Is é sprioc dáta an iarratais ná **An Chéad Aoine de Mhí Na Nollag i.e. 2016 – 2017 Dé hAoine 4ú Nollaig 2015 ag 4.00i.n.**
- Glacfar le hiarratais ó dhaltáí Rang 5 tar éis na hOíche Oscailte.
- Is faoin tuismitheoir / gcaomhnóir atá sé a chinntiú go bhfuil an fhoirm iarratais comhlánaithe go cruinn aige / aici.
- Nuair a fhaightear foirm iarratais líonta i gColáiste Cois Life, cuirfear stampa uirthi le dáta agus am faighte.
- Cuirfear stádas na n-iarratas in iúl do thuismitheoirí / chaomhnóirí laistigh de 20 lá oibre scoile tar éis sprioclá na n-iarratas. (Go luath i mí Eanáir.)
- Coimeádfar iarratais dhéanacha ar chomhad agus ní mheáfar iad go dtí go mbeidh na hiarratais a déanadh in am meáite.
- Ní mór do dhaltá, Rang 6 a bheith críochnaithe acu sula dtosaíonn siad i mbliain a 1.
- Ní ghlacfar le haon dalta nach bhfuil cláraithe ó rang 4 ar aghaidh ó Ghaelscoil Naomh Pádraig agus ó Ghaelscoil Eiscir Riada. (I gcás athrú seolta déanfar é a phlé ag an mBord Bainistíochta.)
- Ní mór don dalta a bheith toilteanach Trialacha Cumais a dhéanamh.

(b) Próiseas:

- Socróidh an Bord Bainistíochta an méid áiteanna atá ar fáil i mBliain 1, ó bhliain go bliain, ag braith ar líon na scoláirí atá sa choláiste cheana féin.
- Cuirfear áiteanna ar fáil do dhaltaí de réir na dtosaíochtaí seo a leanas:
 1. Dalta a bhfuil deartháir nó deirfiúr aige/aici atá ag freastal ar Choláiste Cois Life le linn an phróisea iontrála
 2. Daltaí atá ag freastal ar na Gaelscoileanna seo a leanas (gan aon ord tosaíochta):
 - :
 - Gaelscoil Eiscir Riada
 - Gaelscoil Naomh Pádraigagus pointe 10 leathanach 3 san áireamh.
 3. Daltaí ó Ghaelscoileanna a bhfuil cónaí orthu i Leamhcán (seoladh poist) ach nach bhfreastalaíonn ar Gaelscoil Eiscir Riada nó Gaelscoil Naomh Pádraig.
 4. Daltaí atá ag freastal ar na Gaelscoileanna seo: (gan aon ord tosaíochta)
 - Gaelscoil Uí Fhiaich
 - Gaelscoil Uí Riada
 - Scoil Chearbhaill Uí Dhálaigh
 5. Daltaí ó bhunscoileanna lán-Ghaeilge eile, nó a tógadh sa bhaile trí Ghaeilge (beidh orthu dul faoi agallamh leis an bPríomhoide agus ionadaí ón mBord Bainistíochta).
 6. Daltaí ó bhunscoileanna eile a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla sa cheantar.
 - Cuirfear agallaimh orthu agus na h-ainmneacha ós comhair an Bhord Bhainistíochta
- I gcás aon iarratas eile a thiteann lasmuigh de na tosaíochtaí thuas luaite tógfar na hiarratais seo ós comhair an Bhoird Bhainistíochta.
- I gcás líon na n-áiteanna atá ar fáil a bheith sáraithe laistigh de cheann ar bith de na tosaíochta seo, leithdháilfear na háiteanna atá ar fáil bunaithe ar dháta agus ar am faighte an iarratais.
- Má's gá is trí chrannchur a scarfar iarratais ansin.
- I gcás daltaí ó bhunscoileanna Bhéarla ní mór don dalta agallamh a dhéanamh leis an bPríomhoide agus le ionadaí ón mBord Bainistíochta chun a gcumas sa Ghaeilge a mheas tar éis dó/di tairiscint a fháil. Is chun measúnú a dhéanamh chun freastal ar riachtanais oideachasúla an dalta a dhéantar é seo. Is ag an bPríomhoide a bheidh an focal scoir maidir leis an gcinneadh seo.

(c) Tairiscintí:

- o Nuair a bheidh na háiteanna i mBliain 1 socraithe, cuirfear tairiscint i scríbhinn chuig an tuismitheoir / gcaomhnóir go luath i mí Eanáir.
- o Iarrfar ar an tuismitheoir / gcaomhnóir glacadh leis an tairiscint seo a i scríbhinn taobh istigh de choicís ón dáta ar an litir seo.
- o Cuirfear na daltaí nach n-éiríonn leo áit a fháil sa choláiste ar liosta feithimh agus cuirfear in iúl dóibh cá seasann siad ar an liosta feithimh.

(d) Iarratais Dhéanacha:

Cuirfear iarratas déanach ar liosta feithimh in ord a bhfaighte i ndiaidh na n-iarratas a bhí istigh in am. Cuirfear litir chucu ag rá go bhfuil siad déanach agus go bhfuil siad ar liosta feithimh agus tabharfar an áit ar an liosta seo dóibh.

(e) Clárú:

- Tabharfar cuireadh do thuismitheoirí / chaomhnóirí na ndaltaí a bhfuil tairiscint ar áit i mBliain 1 glactha acu freastal ar chruinniú eolais sa choláiste ina míneofar sainmheon, polasaithe agus nósanna imeachta an choláiste dóibh.
- Éileofar ar thuismitheoirí / chaomhnóirí foirm eolais bhreise faoin dalta a líonadh.
- Éileofar ar an tuismitheoir / caomhnóir comhoibriú leis an gcoláiste maidir le riachtanais speisialta oideachasúla nó eile an dalta a aithint i dtreo agus gur féidir socruithe cuí a dhéanamh ina leith.
- Diúltófar do chlárú an dalta má theipeann ar an tuismitheoir / caomhnóir an fhoirm eolais bhreise a chomhlánú go hiomlán nó muna soláthraítear na doiciméid cuí maidir le riachtanais an dalta roimh sprioclá ar bith a leagtar síos.
- Cuirfear cóip de Chód Iompair agus Riail na Gaeilge. Choláiste Cois Life ar fáil do thuismitheoirí / chaomhnóirí. Ní chlárófar dalta ar bith sa scoil gan an cód seo a ghlacadh aige agus ag a thuismitheoirí agus síniú dá réir

2) Nósanna Imeachta maidir le hIontráil go bliain ar bith seachas Bliain 1:

(a) Iarratas:

- Tá fáil ar fhoirm iarratais ó oifig an choláiste
- Ní mór don iarrthóir an fhoirm iarratais oifigiúil a líonadh go hiomlán.
- Seolfar foirm iarratais nach bhfuil comhlánaithe i gceart ar ais chuig an tuismitheoir / gcaomhnóir.
- Caithfear eolas a chur ar fáil maidir le riachtanais oideachasúla speisialta atá ag an iarrthóir.
- Má theipeann ar an iarrthóir an t-eolas iomlán agus cuí a chur ar fáil, d'fhéadfaí diúltiú don iarratas.

(b) Critéir Chláraithe:

- o Ní mór don iarrthóir Teastas Breithe a chur ar fáil.
- o Ní chlárófar dalta sa choláiste ach amháin má tá fáil ar áit sa an bhliain ghrúpa ar a bhfuil an iarratas déanta acu chomh maith le háiteanna sna hábhair roghnacha chuí.
- o Iarrfar ar iarrthóirí sonraí maidir lena gcuid oideachais iar-bhunscolaíochta go dtí seo a chur ar fáil chomh maith le cóipeanna den dá thuairisc scoile is déanaí agus torthaí scrúduithe stáit ar bith. Ní mór litir mholta ón scoil as a bhfuil an dalta ag aistriú a iamh leis an iarratas. Déanfar teagmháil le Príomhoide na scoile as a bhfuil an dalta ag aistriú.
- o Cuirfear agallamh ar gach iarrthóir maidir lena chumas sa Ghaeilge a mheas. Sa chás nach mbraitear go bhfuil an cumas cuí sa Ghaeilge ag an dalta, diúltófar áit dó/dí. Is ag an mBord Bainistíochta i gcomhairle leis an bPríomhoide a bheidh an focal scoir maidir leis an gcinneadh seo.
- o Tá ceart diúltaithe cláraithe dalta a chosaint ag an mBord Bainistíochta i gcás iompar nó tinreamh an iarrthóra a bheith míshásúil.
- o Cuirfear cóip de Chód Iompair, Riail na Gaeilge agus polasaí T.E. na scoile ar fáil do thuismitheoirí / chaomhnóirí. Ní chlárófar dalta ar bith sa scoil gan an cód seo á ghlacadh aige agus ag a thuismitheoir / chaomhnóir agus síniú dá réir.
- o Caithfidh an Bord Bainistíochta a bheith sásta go luíonn an t-aistriú go Coláiste Cois Life le leas an dalta agus le leas an Choláiste.
- o Caithfidh an dalta na coinníollacha atá leagtha síos ag an Roinn Oideachais agus Scileanna a chomhlíonadh.

Achomhairc:

(i) Achomharc go Bord Bainistíochta:

Má dhiúltófar iarratas ar cláraithe sa Choláiste, cuirfear é seo in iúl do thuismitheoirí / chaomhnóirí i scríbhinn agus na cúiseanna leis an diúltú seo. Cuirfear in iúl do na thuismitheoirí / caomhnóirí freisin go bhfuil an ceart acu achomharc a dhéanamh chuig Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dún Laoghaire maidir leis an gcinneadh seo laistigh de thréimhse deich lá ón am a chuirtear an cinneadh in iúl dóibh.

Athbhreithniú:

Rinneadh athbhreithniú ar an bPolasaí seo i Meán Fómhair 2015

Ghlac an Bord Bainistíochta leis ar an 26ú Meán Fómhair, 2015 agus beidh sé i bhfeidhm i Meán Fómhair 2016.

Déanfar athbhreithniú bliantiúil ar an bPolasaí Iontrála seo.

Foilsíú: Déardaoin 8ú Deireadh Fómhair, 2015.